

Téarmaí & Coinníollacha

Réamhrá

Fáilte chuig suíomh gréasáin ar líne *Choláiste na bhFiann* ("suíomh gréasáin"). I gcás go ndéanann tú ár suíomh gréasáin a rochtain, nó brabhsáil air, nó i gcás go gceannaíonn tú ónár suíomh gréasáin nó go ndéanann tú áirithintí air, tá tú ag admháil go bhfuil tú tar éis ár dtéarmaí agus coinníollacha mar atá sonraithe anseo a léamh, a thuiscint agus glacadh leo ina n-iomláine.

Ginearálta

- Tiomsaíodh na Téarmaí agus Coinníollacha seo chun cuidiú lenár gcliaint an leas is fearr agus is féidir a bhaint as freastal ar chúrsaí *Choláiste na bhFiann*.
- Féadfaidh ár dtéarmaí agus coinníollacha athrú le caitheamh ama. Is iad na téarmaí agus coinníollacha a bhí i bhfeidhm tráth na háirithinte is infheidhmithe. Baineann téarmaí agus coinníollacha leasaithe le háirithintí ina dhiaidh sin.
- Níl *Choláiste na bhFiann* faoi dhliteanas i ndáil le hábhar aon suíomhanna gréasáin eile atá nasctha le <http://www.colaistenabhfiann.ie/>
- Déanfar na forálacha seo (téarmaí, coinníollacha, séanadh agus eisiaimh) a fhorléiriú de réir dhlíthe Phoblacht na hÉireann. I gcás go measfar aon cheann de na forálacha seo a bheith neamhdhleathach, ar neamhní nó ar aon chúis eile neamh-infheidhmithe measfar an fhoráil nó na forálacha sin a bheith inscartha agus ní bheidh éifeacht acu ar bhailíocht agus ar fhorfheidhmitheacht na bhforálacha eile.

Agallaimh

- Roimh fhreastal ar chúrsa de chuid *Choláiste na bhFiann* is gá do gach dalta, i dteannta ar a laghad tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil amháin, freastal ar ghrúpagallamh neamhfhoirmiúil. Is gá freastal ar an agallamh don tréimhse iomlán (2 uair an chloig).
- Tá glacadh ar an gcúrsa ag brath ar go n-éireodh leis an dalta san agallamh a bhaineann leis an gcúrsa ar a bhfuil an dalta ag cur isteach i.e. Cúrsa Riail A nó Cúrsa Riail B
- Cuirfear aisíoc iomlán ar fáil i gcás nach n-éireoidh leis an dalta san agallamh.
- Beidh aisíoc iomlán ar fáil ar feadh tréimhse suas le 10 lá tar éis agallaimh do dhaltaí a n-éiríonn leo san agallamh ach ar mhaith leo tarraingt siar ar chúiseanna eile.
- **Cúrsa A:** Tá sé ina réamhriachtanas don fhreastal ar chúrsa Riail A de chuid *Choláiste na bhFiann* go bhfoghlaimeofaí Amhrán na bhFiann (an chéad véarsa agus an curfá) & Amhrán an Choláiste don agallamh.
- **Cúrsa B:** Tá sé ina réamhriachtanas don fhreastal ar chúrsa Riail B de chuid *Choláiste na bhFiann* Rule B go bhfoghlaimeofaí Amhrán na bhFiann (an chéad véarsa agus an curfá) don agallamh.
- Is deis é an t-agallamh aon eolas iomchuí pearsanta a bhaineann leis an leanbh a phlé le ball den fhoireann. Pléifear aon fhiosruithe a bheadh ag tuismitheoirí/caomhnóir dlíthiúil, chomh maith le cúrsaí pearsanta, aiste bia agus/nó leighis an linbh, i gcás gur iomchuí é.
- I gcás aon dalta a d'fhreastail cheana ar chúrsa Riail B agus atá ag beartú filleadh ar *Choláiste na bhFiann* le haghaidh chúrsa Riail A, is gá dó/di freastal ar agallamh don leibhéal níos airde.

Eolas Leighis & Pearsanta

Ar mhaithe le do leanbh, ba chóir *Coláiste na bhFiann* a chur ar an eolas maidir leo seo a leanas:

- Aon tinneas, riocht leighis (Fiabhras Léana, Plúchadh)
- Riachtanais san aiste bia (feoilséantóir)
- Ailléirgí (bia, cóir leighis etc.)
- Cúinsí Teaghlaigh (dífhostaíocht, scaradh tuismitheoirí, colscaradh, bás, tinneas)
- Fadhbanna pearsanta
- Riachtanais Speisialta Oideachais (e.g. Disléicse, Neamhord ar Speictream an Uathachais, Lagú Éisteachta/Radhairc etc.)
- Cógais (Iad go léir)

Seolfar sonrasc chuig na tuismitheoirí d'aon chuirteanna ar an dochtúir/chógais leighis a raibh gá ag an dalta leo agus iad ag freastal ar chúrsa.

Táillí

- Tá táillí agus praghsanna faoi réir athraithe gan aon fhógra a thabhairt. An táille is infheidhmithe ná an táille tráth na háirithinte.
- Áirítear i dtáille an chúrsa lóistín, béilí, teagasc, maoirseacht 24 uair an chloig agus gach gníomhaíocht ar an gcúrsa. Cuimsíonn sé freisin ticéad chun freastal ar *Thóstal na bhFiann* a bhíonn ar siúl ag deireadh an tsamhraidh. Féadfaidh gach dalta a d'fhreastail ar *Choláiste na bhFiann* freastal ar *Chumann na bhFiann* ar tháille laghdaithe.
- Féadfaidh roinnt nithe a bheith á dtairiscint le linn an chúrsa a mbeadh costas breise ag baint leo amhail marsantacht Choláiste na bhFiann, cadhcáil, siopa milseán, etc. Seo an t-aon chostas breise a bheadh ar an gcúrsa agus tá na nithe seo roghnach.
- I gcás dalta nua féadfar iarmhéid na dtáillí a íoc ar lá an agallaimh. I gcás daltaí atá ag filleadh ar an gcoláiste nach bhfuil sé de dhualgas orthu agallamh a dhéanamh gheobhaidh siad fógra maidir le hiarmhéid na dtáillí i mí an Mháirta.
- I gcás go dteiptear iarmhéid na dtáillí a íoc in am, cuirfear an áit ar an gcúrsa ar ceal. I gcás go bhfuil liosta feithimh ann don chúrsa, tabharfar tairiscint áite dóibhsean ar an liosta feithimh.
- Níl ach an éarlais, atá inaisíoctha ina hiomláine, iníoctha ag daltaí ar liostaí feithimh. Ní ghlactar le hiarmhéid na táille go bhfuil an áit ar an gcúrsa deimhnithe.
- Roghanna íocaíochta: Seic/ordú poist/cárta creidmheasa nó dochair/ordú seasta

Cealúcháin agus Aisíocaíochtaí

Ní mór gach cealúchán agus athrú a chur i scríbhinn – litir nó ríomhphost chuig Coláiste na bhFiann, Droim Rí, Co na Mí nó eolas@colaistenabhfiann.ie.

- Ní ghlacann Coláiste na bhFiann freagracht as cúrsaí a chuirtear ar ceal mar thoradh ar chúinsí gan choinne. I gcás go gcuirtear cúrsa ar ceal nó nach bhfuil lóistín oiriúnach ar fáil cuirfear aisíoc iomlán ar fáil.
- Aisíocfar éarlaisí ina n-iomláine suas le 10 lá oibre tar éis an agallaimh i gcás gur mhian leat d'áirithint a chur ar ceal.
- Tá gach cealúchán faoi réir muirear riaracháin de €100.
- I gcás cealúcháin dhéanacha (tar éis 1 Bealtaine) forghéillfear an éarlais iomlán.
- I gcás cealúcháin a tharlaíonn 21 lá nó níos lú roimh an gcúrsa forghéillfear táille iomlán an chúrsa.

Freastal ar Chúrsa

- Forchoimeádann *Coláiste na bhFiann* an ceart maidir le freastal ar ár gcúrsaí.
- Is gá go mbeadh ar a laghad tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil amháin i dteannta dalta ar chúrsa ar an gcéad lá ag am socraithe. Ar an gcaoi chéanna is gá do thuismitheoirí/caomhnóir dlíthiúil an dalta a bhailiú ag am socraithe ar lá deiridh an chúrsa.
- Ní eagraíonn *Coláiste na bhFiann* iompar chuig/ó chúrsa ar an gcéad lá/lá deireanach den chúrsa.
- Tá *Coláiste na bhFiann* freagrach as an dalta ón tráth a sroicheann an dalta an coláiste go dtí an tráth a bhfágann sé/sí.
- Is é fad chúrsa Riail A agus Riail B ná 20 lá agus 20 oíche ach amháin don chúrsa Óg agus maireann an cúrsa sin ar feadh 13 lá agus 13 oíche. Is gá do gach dalta bheidh ar fáil chun freastal ar chúrsa don **tréimhse iomlán**.
- Ní ceadmhach do dhaltáí cúrsa a fhágáil aon tráth ach amháin le linn cuartaíocht shonraithe.
- Ní ceadmhach do chairde agus do bhaill den teaghlach fanacht sa suanlios nó sa teach, ar aon choinníoll.

Cuairteanna

- I gcás go dtugtar cuairt ar dhaltá, tarlaíonn na cuairteanna ar an Domhnach ag am socraithe.
- Ní ceadmhach do dhaltáí limistéar an Choláiste a fhágáil le gaolta nó lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí dlíthiúla gan cead i scríbhinn a fháil ó na thuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla agus ní ceadmhach seo a dhéanamh ach ag na hamanna socraithe cuartaíochta.
- I gcás daltaí nach bhfuil ag fáil cuairte tá an deis acu glao teileafóin a fháil ón mbaile, más gá ar an Domhnach. Ba chóir seo a shocrú roimhe ré leis an mBainisteoir.
- Eagraítear gníomhaíochtaí speisialta do dhaltáí atá ag fanacht sa choláiste le linn na n-amanna seo.

Giurléidí Pearsanta

Cé go bhfuil Dlíteanas Poiblí iomlán ag *Coláiste na bhFiann*, bheadh an costas coisctheach árachas a sholáthar do ghiurléidí pearsanta na ndaltaí e.g. uirlisí ceoil, trealamh spóirt, seoda agus éadaí le lipéid dearthóirí.

- Ar chomhairle ónár n-árachóirí, táimid ag moladh go ndéanfadh daltaí atá ag tabhairt nithe luachmhara leo ar an gcúrsa, na nithe sin a fháil clúdaithe faoi 'Gach Riosca' ar an árachas tí. Uirlisí ceoil agus trealamh spóirt na cineálacha míreanna is mó a bhíonn i gceist leis seo.
- Molaimid go ndéanfaí aon chógas leighis, **le hainm an linbh air**, a thabhairt don Bhainisteoir ar shroicheadh an choláiste dóibh.
- Ba chóir go ndéanfaí ainm an dalta a chur **as Gaeilge** le snáithe nó le lipéad ar éadaí, trealamh spóirt agus uirlisí ceoil an dalta etc.
- Beidh gach dalta freagrach as a ngiurléidí féin agus molaimid nach dtabharfaí iad ar iasacht do na daltaí eile.
- Ní ghlacann Coláiste na bhFiann le haon fhreagracht as aon mhír a théann ar iarraidh, ar aon choinníoll.
- Molaimid go ndéanfadh daltaí a ngiurléidí a sheiceáil roimh fhágáil an ionaid dóibh. Ní bheidh Coláiste na bhFiann freagrach as aon mhíreanna a fhágfaidh na daltaí ina ndiaidh ar na cúrsaí.
- I gcás gur mhaith le dalta ceamara a tabhairt leo, is gá ceamara indiúscartha a thabhairt.

Míreanna tá coiscthe ar gach cúrsa

Tabhair faoi deara, i gcás nithe atá coiscthe ar an gcúrsa, go ndéanfaidh *Coláiste an bhFianna* na nithe sin a choigistiú agus ní ghlacfaidh an coláiste aon fhreagracht astu. Moltar do dhaltáí gan iad a thabhairt leo ar an gcúrsa.

- Leabhair / foclóirí Béarla
- Ipod / seinnteoir mp3 / trealamh leictreonach
- Fón Póca
- Díritheoirí Gruaige m.sh. GHD
- Aerasól
- Ceamara Digiteach

Tá polasaí neamhfhuilínithe againn maidir le seilbh na nithe seo a leanas ar an gcúrsa, amanna cuartaíochta san áireamh. I gcás go mbeadh a leithéidí i seilbh dalta, díbreofar iad ón gcúrsa láithreach bonn

- Alcól
- Fón phóca – is féidir leat dul i dteagmháil le do leanbh aon tráth trí bhainisteoir an chúrsa. Ar an gcaoi chéanna, i gcás go dteastóidh ó do leanbh dul i dteagmháil leat déanfar seo a éascú tríd an mbainisteoir. Beidh an uimhir ar fáil ar an gcéad lá den chúrsa.
- Drugaí
- Toitíní agus lastóirí

Iompraíocht

- Forchoimeádan *Coláiste na bhFiann* an ceart smacht a chur ar dhaltá nó an dalta a dhíbirt ón gcúrsa i gcás go bhfuil an coláiste den tuairim go raibh iompraíocht neamh-iomchuí agus/nó go raibh neamhchomhlíonadh na dtéarmaí agus na gcoinníollacha i gceist.
- Bítear ag súil go mbeidh iompraíocht mhaith ann ó gach dalta.
- Ba chóir do dhaltáí meas a léiriú orthu féin, ar a gcomhdhaltáí, agus ar an bhfoireann an t-am go léir.
- Is gá do dhaltáí meas a léiriú ar mhaoin agus tá sé de dhualgas orthu íoc as aon damáiste a bhfuil siad freagrach as.
- Glacfaidh gach dalta páirt i gcoinneáil an choláiste glan agus néata. Spreagann seo na daltaí le freagracht a ghlacadh as an timpeallacht ina bhfuil siad ag cónaí.
- Ní ceadmhach do dhaltá(i) cuairt a thabhairt ar shuanlios ina bhfuil duine den ghnéas eile.

Bulaíocht

Cloíonn Coláiste na bhFiann go docht le treoirínte na Roinne Oideachais agus Scileanna *Guidelines on Countering Bullying Behaviour in Primary and Post Primary Schools (1993)*.

Rialacha i ndáil le labhairt an Bhéarla

Forfheidhmítear na rialacha seo ón tráth a sroicheann an dalta an coláiste don chúrsa. Tabhair faoi deara an riail a bhaineann leis an gcúrsa a roghnaigh tú; Cúrsa Riail A nó Cúrsa Riail B.

Ionas go mbainfeadh dalta an leas is fearr agus is féidir as cúrsa samhraidh de chuid *Choláiste na bhFiann*, tá sé den riachtanas go labhróidís Gaeilge an t-am ar fad. I gcás go dteipfidh orthu sin a dhéanamh ní hé amháin go rachaidh sé i bhfeidhm ar a ndul chun cinn féin, ach rachaidh sé i bhfeidhm ar dhul chun cinn na ndaoine timpeall orthu, Mar sin, leagadh síos na rialacha seo a leanas chun a dhearbhu go mbainfeadh gach dalta leas iomlán as ár gcúrsaí.

Cúrsa Riail A

Daltaí a labhraíonn abairt amháin iomlán as Béarla, ar cibé cúis, is gá dóibh an cúrsa a fhágáil, agus ní aisíocfar an táille.

Cúrsa Riail B

I gcás go labhraíonn dalta Béarla trí thaisme, tabharfar iomardú agsu rabhadh dóibh agus cuirfear na tuismitheoirí ar an eolas. I gcás go dtarlóidh sé arís ina dhiaidh sin, ní bheidh aon rogha againn ach an dalta a chur abhaile agus ní dhéanfar an táille a aisíoc. Ní ghlacfar le labhairt an Bhéarla d'aon ghnó ar aon chúrsa agus i gcás aon dalta a dhéanfaidh é beidh air/uirthi an cúrsa a fhágáil gan rabhadh agus ní aisíocfar an táille.

Gnáthamh Achomhairc

I gcás go ndéanfar dalta a dhíbirt mar thoradh ar shárú aon rialach, tá gnáthamh achomhairc ag Coláiste na bhFiann. Is gá leas a bhaint as an ngnáthamh seo láithreach bonn.

Sástacht an Chustaiméara

Déanann Coláiste na bhFiann a dhícheall caighdeán arda a choinneáil i ngach seirbhís a chuireann sé ar fáil. Mar sin tá aiseolas thar a bheith tábhachtach, bíodh an t-aiseolas sin dearfach nó diúltach. I gcás nach bhfuil tú go hiomlán sásta leis an tseirbhís a chuir Coláiste na bhFiann ar fáil, téigh i dteagmháil linn láithreach i scríbhinn. (litir nó ríomhphost)

Fógraíocht agus Poibliú

Glactar grianghraif agus físeáin ag gach imeacht de chuid Choláiste na bhFiann agus d'fhéadfaí úsáid a bhaint astu in ábhar fógraíochta an choláiste. I gcás nach dteastaíonn uait go mbeadh do leanbh in aon ábhar mar sin, cuir muid ar an eolas faoi sin le do thoil.

Cumarsáid

Seoltar gach comhfhreagras ó Choláiste na bhFiann tríd an bpost nó tríd an ríomhphost. I gcás go gcuirfear seoladh ríomhphoist ar fáil, rachaidh an t-eolas amach go leictreonach. I gcás gur fearr leat eolas a fháil uainn tríd an bpost, cuir muid ar an eolas faoi sin le do thoil. Ní dhéantar cumarsáid idir Coláiste na bhFiann agus an teaghlach **ach amháin** leis an tuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil.

Seoltar gach comhfhreagras ag úsáid an leagain Gaeilge d'ainm an teaghlaigh agus den seoladh. Cuir d'fhear an phoist ar an eolas go mbeidh postas á fháil agat as Gaeilge.

Baineann Coláiste na bhFiann úsáid as leagan Gaeilge d'ainm an teaghlaigh agus d'ainm an linbh.